

## I

(Gníomhartha reachtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2015/936 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Meitheamh 2015

**maidir le rialacha comhchoiteanna i dtaca le hallmhairiú táirgí teicstíle ó thríú tíortha áirithe nach dtagann faoi chomhaontuithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile, ná faoi rialacha sonracha eile an Aontais i dtaca le hallmhairiú**

(athmhúnlú)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa <sup>(1)</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach <sup>(2)</sup>,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 517/94 <sup>(3)</sup> a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta <sup>(4)</sup>. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh air, ba cheart an Rialachán sin a athmhúnlú ar mhaithe le soiléire.
- (2) Ba cheart don chomhbheartas tráchtála bheith bunaithe ar phrionsabail aonfhoirmeacha.
- (3) Ba cheart aonfhoirmeacht a áirithiú sna rialacha maidir le hallmhairiú trí fhorálacha a leagan síos, a mhéad is féidir i bhfianaise gnéithe sainiúla an chórais eacnamaíoch sna tríú tíortha atá i gceist, atá comhchosúil leis na forálacha sin a chuirtear i bhfeidhm faoi na rialacha comhchoiteanna maidir le tríú tíortha eile.
- (4) I gcás líon teoranta táirgí de thionscnamh tríú tíortha áirithe, i ngeall ar íogaireacht earnáil theicstíle an Aontais, ba cheart bearta faireachais is infheidhme ar leibhéal an Aontais a leagan síos sa Rialachán seo.
- (5) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le rialacha speisialta le haghaidh táirgí arna n-ath-allmhairiú faoi na socruithe le haghaidh próiseáil amach eacnamaíoch.

<sup>(1)</sup> Tuairim an 10 Nollaig 2014 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

<sup>(2)</sup> Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2015 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 28 Bealtaine 2015.

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 517/94 ón gComhairle an 7 Márta 1994 maidir le combhrialacha d'allmhairiú táirgí teicstíle ó thríú tíortha áirithe nach bhfuil cumhdaithe ag comhaontaithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile, ná ag rialacha sonracha Comhphobail eile ar allmhairí (IO L 67, 10.3.1994, lch. 1).

<sup>(4)</sup> Féach Iarscibhinn VII.

- (6) Baineadh amach an t-ábhar a bhí in Iarscríbhinn III B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 517/94 arna leasú ag Rialachán (CE) Uimh. 1398/2007 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>. Dá bhrí sin, is iomchuí an Iarscríbhinn sin a scriosadh ina hiomláine. Ar mhaithe le soiléire, ba cheart an tagairt don Iarscríbhinn sin in Airteagal 4(2) a scriosadh freisin.
- (7) Féadfaidh sé gur gá allmhairiú táirgí teicstíle áirithe ó thríú tíortha áirithe a bheith faoi réir fhaireachas an Aontais, teorainneacha cainníochtúla nó bearta iomchuí eile.
- (8) I gcás ina gcuirfear faireachas an Aontais i bhfeidhm, is faoi réir tíolactha doiciméid faireachais a chomhlíonann critéir aonfhoirmeacha, gur cheart na táirgí i gceist a scaoileadh chun saorchúrsaíochta. Ba cheart d'údarais na mBallstát an doiciméad sin a eisiú laistigh de thréimhse áirithe, ar iarratas simplí an allmhaireora, ach níor cheart an t-allmhaireoir aon cheart allmhairiúcháin a fháil tríd sin. Dá bhrí sin, níor cheart an doiciméad a bheith bailí ach amháin ar feadh cibé thréimhse a fhanfaidh na rialacha allmhairiúcháin gan athrú.
- (9) Is chun leasa an Aontais é gur cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún an fhaisnéis a eascraíonn as faireachas an Aontais a mhalartú chomh hiomlán agus is féidir.
- (10) Is gá critéir bheachta a ghlacadh maidir le measúnú a dhéanamh ar dhíobháil fhéideartha agus maidir le nós imeachta imscrúduithe a thionscnamh, ach a ligean don Choimisiún fós bearta iomchuí a thabhairt isteach i gcásanna práinneacha.
- (11) Chuige sin, ba cheart forálacha mionsonraithe a leagan síos maidir le himscrúduithe a thionscnamh, maidir leis na seiceálacha agus na cigireachtaí is gá, maidir le héisteacht a thabhairt do na daoine lena mbaineann, maidir leis an gcaoi a úsáidtear an fhaisnéis a fhaightear agus maidir leis na critéir chun díobháil a mheasúnú.
- (12) Is gá foráil a dhéanamh maidir le córas iomchuí chun srianta cainníochtúla an Aontais a riar.
- (13) Ba cheart a áirithiú leis an nós imeachta riaracháin go mbeidh rochtain chothrom ag gach iarrthóir ar chuótaí.
- (14) Ar mhaithe le haonfhoirmeacht i rialacha maidir le hallmhairí, ba cheart go mbeadh na foirmiúlachtaí atá le déanamh ag allmhaireoirí simplí agus comhionann beag beann ar an áit ina dtéann na hearraí faoi imréiteach custaim. Is inmhinaithe, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh gur cheart aon fhoirmiúlachtaí a chur i gcrích trí úsáid a bhaint as foirmiúlachtaí a fhreagraíonn don eiseamal a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (15) Féadfaidh bearta faireachais nó cosanta, a bheadh teoranta do réigiún amháin nó níos mó seachas don Aontas ina iomláine, a bheith riachtanach mar sin féin áfach. Níor cheart bearta den sórt sin a údarú ach go heisceachtúil, áfach, agus i gcás nach ann d'aon rogha mhalartach. Is gá a áirithiú go bhfuil bearta den sórt sin sealadach agus go ndéanann siad a laghad suaite is féidir ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.
- (16) Tá forálacha an Rialacháin seo gan dochar do reachtaíocht an Aontais nó do reachtaíocht náisiúnta maidir le rúndacht ghairmiúil.
- (17) Na bearta a bhfuil gá leo chun leasa an Aontais, ba cheart iad a chur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt ar na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá ann cheana.
- (18) Chun nósanna imeachta a shimpliú d'allmhaireoirí, is gá foráil a dhéanamh go bhféadfaí síneadh a chur le bailíocht na n-údaruithe allmhairiúcháin nár úsáideadh in aon chor nó nár úsáideadh ach cuid díobh, in ionad iad a chur ar ais chuig na húdarais inniúla sna Ballstáit eisiúna.
- (19) D'fhonn feidhmiú iomchuí an chórais do bhainistiú ar allmhairiú táirgí áirithe teicstíle, nach dtagann faoi chomhaontuithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile, ná faoi rialacha sonracha eile an Aontais maidir le hallmhairiú, a áirithiú, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis na hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú, na rialacha maidir le hallmhairiú a athrú agus bearta ráthaíochta agus bearta faireachais a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Rialachán seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.

<sup>(1)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1398/2007 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2007 lena leasaítear Iarscríbhinní II, III B agus VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 517/94 ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna i dtaca le hallmhairiú táirgí teicstíle ó thríú tíortha áirithe nach dtagann faoi chomhaontuithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile, ná faoi rialacha sonracha Comhphobail eile i dtaca le hallmhairiú (IO L 311, 29.11.2007, lch. 5).

- (20) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.
- (21) Ba cheart go n-úsáidfí an nós imeachta comhairliúcháin maidir le bearta faireachais a ghlacadh i bhfianaise éifeachtaí na mbeart sin agus a loighce seicheamhaí maidir le glacadh na mbeart cosanta cinntitheach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### CAIBIDIL I

### PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

#### *Airteagal 1*

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le hallmhairiú táirgí teicstíle a thagann faoi Roinn XI de Chuid a Dó den Ainmníocht Chomhcheangailte atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle <sup>(2)</sup> agus allmhairiú earraí teicstíle eile, amhail a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, de thionscnamh tríú tíortha nach dtagann faoi chomhaontuithe déthaobhacha, prótacail ná comhshocraíochtaí eile, ná faoi rialacha sonracha eile an Aontais maidir le hallmhairiú.
2. Chun críocha mhír 1, déanfar táirgí a thagann faoi Roinn XI de Chuid a Dó den Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a aicmiú i gcatagóirí amhail a leagtar amach i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, seachas táirgí a thagann faoi chóid Ainmníochta Comhcheangailte (cóid AC) a liostaítear i Roinn B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.
3. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh an téarma “táirgí tionscnaimh” agus na modhanna lena ndéanfar tionscnamh na dtáirgí sin a rialú ag teacht leis na sainmhínte i rialacha ábhartha an Aontais atá i bhfeidhm.

#### *Airteagal 2*

Beidh allmhairiú táirgí dá dtagraítear in Airteagal 1 agus de thionscnamh tríú tíortha go dtí an tAontas, nach táirgí iad a liostaítear in Iarscríbhinn II, saor in aisce agus dá bhrí sin ní bheidh siad faoi aon shrianadh cainníochtúil, gan dochar do na bearta is féidir a dhéanamh faoi Chaibidil III agus do na bearta is féidir a dhéanamh faoi na rialacha coiteanna sonracha allmhairiúcháin fad atá na rialacha sin ann.

#### *Airteagal 3*

1. Beidh allmhairiú táirgí teicstíle go dtí an tAontas, ar táirgí iad a liostaítear in Iarscríbhinn III agus de thionscnamh na dtíortha atá curtha in iúl san Iarscríbhinn sin, faoi réir na dteorainneacha cainníochtúla bliantúla atá bunaithe san Iarscríbhinn sin.
2. Beidh scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas na n-allmhairí atá faoi réir na dteorainneacha cainníochtúla dá dtagraítear i mír 1 faoi réir údarú allmhairiúcháin nó doiciméid choibhéisigh, arna eisiúint ag údaráis na mBallstát i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach sa Rialachán seo, a thiolacadh. Cuirfear allmhairí arna n-údarú i gcomhréir leis an mír seo in aghaidh na dteorainneacha cainníochtúla arna socrú don bhliain féilire ar socraíodh teorainneacha cainníochtúla lena haghaidh.
3. Aon táirge teicstíle dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV agus de thionscnamh na dtríú tíortha a chuirtear in iúl ansin, féadfar é a allmhairiú go dtí an tAontas ar choinníoll go m bunaíonn an Coimisiún teorainn chainníochtúil bhliantúil. Beidh aon teorainn chainníochtúil den sórt sin bunaithe ar shreabhadh trádála a bhí ann cheana, nó i gcás nach ann dó sin, ar mheastacháin, a bhfuil bonn cirt cuí-réasúnaithe leo, ar an sreabhadh trádála sin. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 chun na hIarscríbhinní ábhartha a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú i dtaobh teorainneacha cainníochtúla bliantúla den sórt sin a bhunú.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstát ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

<sup>(2)</sup> Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus maidir leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

4. Beidh allmhairiú táirgí dá dtagraítear in Airteagal 1 agus de thionscnamh tríú tíortha go dtí an tAontas, nach táirgí iad a thagann faoi mhír 1 ná mír 3 agus de thionscnamh tíortha a chuirtear in iúl in Iarscríbhinn II, saor in aisce, faoi réir na mbeart is féidir a thógáil faoi Chaibidil III agus na mbeart a tógadh nó is féidir a thógáil faoi rialacha comhchoiteanna sonracha allmhairiúcháin fad is ann do na rialacha sin.

#### *Airteagal 4*

1. Gan dochar do na bearta is féidir a thógáil faoi Chaibidil III nó faoi rialacha comhchoiteanna sonracha maidir le hallmhairiú, ní bheidh ath-allmhairiú táirgí teicstíle go dtí an tAontas tar éis a bpróiseála i dtíortha eile, seachas na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II, faoi réir teorainneacha cainníochtúla.

2. D'ainneoin mhír 1, ní dhéanfar ath-allmhairiú go dtí an tAontas de tháirgí teicstíle, a liostaítear in Iarscríbhinn V tar éis a bpróiseála sna tríú tíortha a liostaítear san Iarscríbhinn sin, ach amháin i gcomhréir leis na rialacha maidir le próiseáil amach eacnamaíoch atá i bhfeidhm san Aontas agus suas go dtí na teorainneacha bliantúla arna socrú in Iarscríbhinn V.

#### *Airteagal 5*

1. Féadfaidh an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 30 aon ábhar a mheas a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar ábhar é a tharraingeoidh an Coimisiún anuas nó ar iarratas ó Bhallstát.

2. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 a bhaineann leis na bearta is gá chun Iarscríbhinn III go hIarscríbhinn VI a oiriúnú nuair a bhraitear fadhbanna maidir lena bhfeidhmiú éifeachtach.

#### CAIBIDIL II

### **NÓS IMEACHTA FAISNÉISE AN AONTAIS AGUS NÓS IMEACHTA AN AONTAIS UM IMSCRÚDÚ**

#### *Airteagal 6*

1. I ndáil leis na táirgí teicstíle a liostaítear in Iarscríbhinn I, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, laistigh de 30 lá tar éis deiridh gach míosa, faoi na cainníochtaí iomlána a allmhairíodh i rith na míosa sin de réir tíre tionscnaimh agus cóid AC agus na n-aonad, lena n-áirítear aonaid fhorlíontacha an chóid AC, más iomchuí. Déanfar miondealú ar na hallmhairí i gcomhréir leis na nósanna imeachta staidrimh atá i bhfeidhm.

2. Chun a bheith in ann faireachán a dhéanamh ar threochtaí margaidh do na táirgí a thagann faoin Rialachán seo, cuirfidh na Ballstáit sonraí staidrimh maidir le honnmhairí in iúl don Choimisiún, faoin 31 Márta gach bliain, a bhaineann leis an mbliain roimhe. Seolfar na sonraí staidrimh a bhaineann le táirgeadh agus tomhaltas gach táirge ar aghaidh chuig an gCoimisiún faoi shocrúithe a shocrófar ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3).

3. I gcás is gá de thoradh chineál na dtáirgí nó dálaí ar leith, féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, na teorainneacha ama chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo a chur in iúl a athrú i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3).

4. Sna cásanna práinneacha dá dtagraítear in Airteagal 13, seolfaidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na sonraí staidrimh agus eacnamaíocha allmhairiúcháin is gá chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit eile gan mhoill.

#### *Airteagal 7*

1. I gcás inar léir don Choimisiún go bhfuil dóthain fianaise ann go bhfuil bonn cirt le himscrúdú, maidir le coinníollacha i ndáil le hallmhairiú táirgí dá dtagraítear in Airteagal 1, tionscnóidh an Coimisiún imscrúdú. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas tar éis dó a chinneadh go raibh gá le himscrúdú den sórt sin a thionscnamh.

2. De bhreis ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil faoi Airteagal 6, iarrfaidh an Coimisiún gach faisnéis is gá dar leis agus féachfaidh sé chuige an fhaisnéis sin a sheiceáil le hallmhaireoirí, trádálaithe, gníomhairí, táirgeoirí, agus le comhlachais agus eagraíochtaí trádála.

Beidh foireann ón mBallstát a mbeidh na seiceálacha á ndéanamh ina chríoch de chúnamh ag an gCoimisiún leis an gcúram sin, ar choinníoll gur mian leis an mBallstát é sin.

3. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún, arna iarraidh sin dó agus nósanna imeachta a leag sé síos á leanúint acu, an fhaisnéis atá ar fáil dóibh faoi chora i margadh an táirge atá á imscrúdú.
4. Féadfaidh an Coimisiún éisteacht a thabhairt do na daoine nádúrtha agus dlítheanacha leasmhara. Ní mór éisteacht a thabhairt do na páirtithe sin má bhíonn iarratas i scríbhinn déanta acu laistigh den thréimhse a bheidh leagtha síos san fhógra arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, iarratas ina léireofar gur dócha go n-imreoidh toradh na n-imscrúduithe tionchar orthu agus go bhfuil cúiseanna ar leith ann le héisteacht ó bhéal a bheith acu.
5. I gcás nach gcuirtear an fhaisnéis atá iarrtha ag an gCoimisiún ar fáil laistigh de thréimhse réasúnta, nó má chuirtear bac suntasach ar an imscrúdú, d'fhéadfaí torthaí a chur ar fáil ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil.
6. I gcás inar iarr Ballstát ar an gCoimisiún gníomhú agus go gcinneadh sé nach bhfuil dóthain fianaise ann go bhfuil bonn cirt le himscrúdú, cuirfidh sé a chinneadh in iúl don Bhallstát tar éis comhairliúcháin.

#### Airteagal 8

1. Ag deireadh an imscrúdú, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na torthaí faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 30.
2. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil gá le bearta faireachais ná cosanta ón Aontas, cinneadh sé, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3), deireadh a chur leis an imscrúdú, agus luafaidh sé príomhthorthaí an imscrúdaithe.
3. Má mheasann an Coimisiún go bhfuil gá le bearta faireachais nó cosanta ón Aontas, déanfaidh sé na cinntí is gá i gcomhréir le Caibidil III.

#### Airteagal 9

1. Ní dhéanfar faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin seo a úsáid ach amháin chun na críche ar iarraidh í.
2. Ní nochtfaidh an Coimisiún, na Ballstáit, ná a gcuid oifigeach aon fhaisnéis de chineál rúnda a gheofar de bhun an Rialacháin seo ná aon fhaisnéis a chuirfead ar fáil ar bhonn rúnda, gan cead sonracha a fháil ó sholáthraí na faisnéise sin.

I ngach iarraidh ar rúndacht, luafar na cúiseanna leis an bhfaisnéis a bheith rúnda.

Má dhealaíonn sé, áfach, nach bhfuil bonn cirt leis an iarraidh ar rúndacht agus mura dteastaíonn ó sholáthraí na faisnéise é a fhoibriú ná nochtadh na faisnéise a cheadú, bíodh substaint ghinearálta na faisnéise nó achoimre di i gceist, féadfar neamhshuim a dhéanamh di.

3. Ar chaoi ar bith, measfar go bhfuil gach faisnéis faoi rún más dócha go ndéanfaidh nochtadh na faisnéise sin dochar suntasach do sholáthraí nó d'fhoinsé na faisnéise sin.
4. Ní choiscfidh mír 1, mír 2 ná mír 3 údarais an Aontais tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis ghinearálta agus, go háirithe, do chúiseanna ar bunaíodh cinntí arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo. Cuirfidh údarais an Aontais san áireamh, áfach, leas dlisteanach na ndaoine nádúrtha agus na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann nach nochtfaí a gcuid rún gnó.

#### Airteagal 10

1. Maidir leis an scrúdú ar an treo san allmhairiú, ar na dálaí ina ndéantar allmhairiú agus ar an mórdhíobháil nó bagairt mórdhíobhála do tháirgeoirí an Aontais a d'fhéadfaidh teacht ó allmhairiú den sórt sin, déanfaidh sé na tosca seo a leanas, go háirithe, a chumhdach:
  - (a) méid an allmhairithe, go háirithe i gcás ina raibh méadú suntasach ann, bíodh sé sin mar ghlanfhigiúr nó i gcoibhneas le táirgeadh nó le tomhaltas san Aontas;
  - (b) praghsanna na n-allmhairí, go háirithe i gcás inar tharla gur gearradh go suntasach faoi phraghsanna i gcomparáid le praghas táirge chomhchosúil san Aontas;

(c) an tionchar atá aige ar tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann táirgí comhchosúla nó iomaíocha ina dhiaidh sin, mar atá léirithe ag treochtaí i gcúinsí eacnamaíocha áirithe amhail:

- táirgeadh,
- úsáid an chumais táirgthe,
- stoic,
- díolacháin,
- sciar den mhargadh,
- praghsanna (i.e. íslíú ar phraghsanna nó cosc ar mhéaduithe praghsanna a bheadh tar éis tarlú de ghnáth),
- brabúis,
- toradh ar chaipiteal arna úsáid,
- sreabhadh airgid,
- fostaíocht.

2. Agus an t-imscrúdú ar siúl aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh córas eacnamaíoch sonrath na dtríú tíortha dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.

3. I gcás ina líomhnaítear gurb ann do bhagairt mórdhíobhála, déanfaidh an Coimisiún a scrúdú freisin an féidir a thuar go soiléir gur dócha go dtiocfaidh díobháil iarbhr as staid ar leith. Maidir leis sin, is féidir tosca mar seo a leanas a chur san áireamh:

- (a) ráta méadaithe na n-onnmhairí chuig an Aontas;
- (b) an cumas onnmhairithe sa tír thionscnaimh nó sa tír onnmhairithe, ar cumas é atá ann cheana féin nó a bheidh ag feidhmiú cuibheasach luath amach anseo, agus an dóchúlacht gur chuig an Aontas a rachaidh na honnmhairí a bheidh mar thoradh air sin.

### CAIBIDIL III

#### BEARTA FAIREACHAIS AGUS COSANTA

##### *Airteagal 11*

1. I gcás ina bhfuil an baol ann go ndéanfaidh allmhairiú táirgí teicstíle, de thionscnamh tríú tíortha seachas iad siúd a liostaítear in Iarscríbhinn II, díobháil do tháirgeadh táirgí atá cosúil nó in iomaíocht dhíreach leo ag an Aontas, féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó ar iarraidh ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin:

- (a) cinneadh a dhéanamh faireachas cúlghabhálach Aontais a thabhairt isteach ar allmhairí áirithe, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(2);
- (b) cinneadh a dhéanamh, chun críocha faireachas a dhéanamh ar threocht an allmhairithe sin, allmhairí áirithe a chur faoi réir réamhfhairreachais ón Aontas, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(2).

2. I gcás ina bhfuil an baol ann go ndéanfaidh allmhairiú táirgí teicstíle de thionscnamh tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus atá léirscaoilte ar leibhéal an Aontais, díobháil do tháirgeadh táirgí atá cosúil nó in iomaíocht dhíreach leo ag an Aontas, nó i gcás ina n-éilíonn leas eacnamaíoch an Aontais é, féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó ar iarraidh ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin:

- (a) cinneadh a dhéanamh faireachas cúlghabhálach Aontais a thabhairt isteach ar allmhairí áirithe, i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(2);
- (b) cinneadh a dhéanamh, chun críocha faireachas a dhéanamh ar threocht an allmhairithe sin, allmhairí áirithe a chur faoi réir réamhfhairreachais ón Aontas i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(2).

3. De ghnáth, beidh tréimhse theoranta bailíochta ag na bearta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

### Airteagal 12

1. I gcás ina ndéantar allmhairiú táirgí teicstíle, de thionscnamh tríú tíortha seachas iad sin a liostaítear in Iarscríbhinn II, i gcainníochtaí a bhfuil méadú chomh mór sin tagtha orthu, i ndearbhthéarmaí nó i dtéarmaí coibhneasta, agus/nó faoi dhálaí a dhéanfaidh mórdhíobháil, nó lena mbainfidh baol iarbhrí mórdhíobhála do tháirgeadh táirgí atá cosúil nó in iomaíocht dhíreach leo ag an Aontas, féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó ar iarraidh ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, na rialacha maidir le hallmhairiú a athrú don táirge atá i gceist trí fhoráil a dhéanamh nach bhféadfar é a chur i saorchúrsaíocht ach amháin má dhéantar údarú allmhairiúcháin a thíolacadh, údarú a beidh á rialú ag na forálacha sin agus faoi réir na dteorainneacha sin a leagfaidh an Coimisiún síos.

2. I gcás ina ndéantar allmhairiú táirgí teicstíle de thionscnamh tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus atá léirscaoilte ar leibhéal an Aontais, i gcainníochtaí a bhfuil méadú chomh mór sin tagtha orthu, i ndearbhthéarmaí nó i dtéarmaí coibhneasta, nó faoi dhálaí a dhéanfaidh mórdhíobháil, nó lena mbainfidh baol iarbhrí mórdhíobhála do tháirgeadh táirgí atá cosúil nó in iomaíocht dhíreach leo ag an Aontas, nó nuair is gá chun leas eacnamaíoch an Aontais, féadfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó ar iarraidh ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, na rialacha maidir le hallmhairiú a athrú don táirge atá i gceist trí fhoráil a dhéanamh nach bhféadfar é a chur i saorchúrsaíocht ach amháin má dhéantar údarú allmhairiúcháin a thíolacadh, údarú a beidh á rialú ag na forálacha sin agus faoi réir na dteorainneacha sin a leagfaidh an Coimisiún síos.

3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 maidir leis na bearta dá bhforáiltear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo chun na rialacha maidir le hallmhairiú a athrú i leith an táirge i dtrácht, lena n-áirítear trí na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú.

4. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo agus in Airteagal 11 maidir le gach táirge a chuirtear i saorchúrsaíocht tar éis theacht i bhfeidhm na mbearta sin.

Mar sin féin, ní choiscfidh bearta den sórt sin scaoileadh táirgí chun saorchúrsaíochta má tá na táirgí seolta chuig an Aontas cheana féin ar choinníoll nach féidir ceann scríbe na dtáirgí sin a athrú agus go bhfuil, i gcás na dtáirgí sin nach bhféadtar, faoin Airteagal seo agus faoi Airteagal 11, iad a chur i saorchúrsaíocht ach amháin má dhéantar doiciméad faireachais a thíolacadh, doiciméad den sórt sin ag gabháil leo dáiríre.

I gcomhréir le hAirteagal 16, féadfar bearta dá dtagraítear san Airteagal seo agus in Airteagal 11 a theorannú do réigiún amháin nó níos mó de chuid an Aontais.

### Airteagal 13

I gcásanna éigeandála nuair a dhéanfaí dochar neamh indeisithe don tionscal Aontais in éagmais beart agus nuair a chinneann an Coimisiún ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó Bhallstát, go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12(1) agus (2) agus ina measann sé gur cheart catagóir áirithe táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I, nach bhfuil faoi réir teorainneacha cainníochtúla ar bith, a chur faoi réir teorainneacha cainníochtúla nó réamhbheart nó beart cúlghabhálach faireachais, agus dá bhí sin go n-éileofaí amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 32 maidir le gníomhartha chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 12 (3) a fhorchur chun na rialacha maidir le hallmhairiú i leith an táirge i dtrácht a athrú, lena n-áirítear trí na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú.

### Airteagal 14

1. Ní fhéadfar táirgí atá faoi réir réamhbhearta faireachais nó cosanta an Aontais a chur i saorchúrsaíocht gan doiciméad faireachais a thíolacadh.

I gcás réamhbhearta faireachais an Aontais, eiseoidh an t-údarás inniúil arna ainmniú ag na Ballstáit an doiciméad faireachais, saor in aisce, laistigh de chúig lá oibre ar a mhéad tar éis don údarás inniúil náisiúnta iarratas a fháil ó aon allmhaireoirí de chuid an Aontais, is cuma cén áit ghnó san Aontas atá acu, le haghaidh aon chainníochta a iarradh. Measfar go bhfuair an t-údarás inniúil náisiúnta iarratas den sórt sin tráth nach déanaí ná trí lá oibre tar éis é a sheoladh, ach amháin má chruthaítear a mhalairt. Déanfar an doiciméad faireachais ar fhoirm a fhreagraíonn don eiseamal in Iarscríbhinn VI. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 21.

I gcás na mbearta cosanta, eiseofar an doiciméad faireachais i gcomhréir le forálacha Chaibidil IV.

2. Féadfar go mbeidh faisnéis eile seachas an fhaisnéis dá bhforáiltear i mír 1 de dhíth nuair a dhéantar an cinneadh bearta faireachais nó cosanta a fhorchur.
3. Beidh an doiciméad faireachais bailí le haghaidh allmhairí ar fud na críche ina gcuirtear an Conradh i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Chonradh, beag beann ar an mBallstát eisiúna, gan dochar do bhearta a dhéanfar faoi Airteagal 16 den Rialachán seo, áfach.
4. Ní fhéadfar doiciméad faireachais a úsáid i gcás ar bith thar an tréimhse dhul in éag a bheidh leagtha síos san am céanna agus trí bhithin an nós imeachta céanna lenar forchuireadh bearta faireachais nó cosanta, agus ina dtabharfar aird ar chineál na dtáirgí agus gnéithe speisialta eile na n-idirbheart.
5. I gcás ina éilíonn cinneadh a glacadh faoin nós imeachta iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 30 é, ní mór áit tionscnaimh na dtáirgí atá faoi bhearta faireachais nó cosanta an Aontais a chruthú le deimhniú tionscnaimh. Beidh an mhír seo gan dochar d'fhorálacha eile a bhaineann le haon deimhniú den sórt sin a thíolacadh.
6. I gcás ina bhfuil an táirge atá faoi réamhfhairéachas ón Aontais faoi réir beart cosanta réigiúnach i mBallstát, féadfar an t-údarú allmhairiúcháin a thug an Ballstát sin a chur in ionad an doiciméid faireachais.

#### *Airteagal 15*

I gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(2), féadfaidh an Coimisiún an méid a leanas a dhéanamh, dá thionscnamh féin nó ar iarraidh ó Bhallstát, más dócha go dtiocfaidh an cás dá dtagraítear in Airteagal 12(2) chun cinn:

- tréimhse bailíochta aon doiciméid faireachais atá de dhíth do na bearta faireachais a laghdú;
- eisiúint an doiciméid faireachais a chur faoi réir coinníollacha áirithe agus, mar bheart eisceachtúil, faoi réir clásal cúlghairme a chur isteach, nó, leis an minicíocht agus an fad ama a chuirfidh an Coimisiún in iúl, faoi réir an nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin roimh ré dá dtagraítear in Airteagal 6 agus in Airteagal 8.

#### *Airteagal 16*

I gcás inar léir, go háirithe, ar bhonn na dtosca dá dtagraítear in Airteagal 10, Airteagal 11 agus Airteagal 12, go bhfuil na coinníollacha atá leagtha síos chun bearta faireachais nó cosanta a ghlacadh á gcomhlíonadh i réigiún amháin nó níos mó san Aontas, féadfaidh an Coimisiún, tar éis réitigh mhalartacha a scrúdú, cur i bhfeidhm beart faireachais nó cosanta a bheidh teoranta don réigiún nó do na réigiúin lena mbaineann a údarú go heisceachtúil má mheasann sé gurb oiriúnaí bearta den sórt sin a bheith á gcur i bhfeidhm ag an leibhéal sin ná bearta a bheith á gcur i bhfeidhm ar fud an Aontais.

Ní mór na bearta sin a bheith sealadach agus, a mhéid agus is féidir, nó mór dóibh gan cur isteach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Glacfar na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta iomchuí is infheidhme maidir le bearta atá le glacadh de bhun Airteagal 10, Airteagal 11 agus Airteagal 12.

#### CAIBIDIL IV

#### SRIANTA ALLMHAIRIÚCHÁIN AN AONTAIS A BHAINISTIÚ

#### *Airteagal 17*

1. Cuirfidh údarais inniúla na mBallstát na cainníochtaí atá cumhdaithe sna hiarrataí ar údaruithe allmhairiúcháin atá faighte acu in iúl don Choimisiún.
2. Tabharfaidh an Coimisiún fógra faoina dheimhniú go bhfuil na cainníochtaí a iarradh ar fáil chun a n-allmhairithe san ord croineolaíoch ina bhfuarthas fógraí na mBallstát lena mbaineann (bonn “tagadh do sheal mar a tháinig tú féin”).
3. I gcás ina bhfuil cúis ann lena chreidiúint go bhféadfadh na hiarrataí a bhfuiltear ag súil leo na teorainneacha cainníochtúla a shárú, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3), na teorainneacha cainníochtúla a roinnt ina dtránsí nó uasmhéideanna a shocrú in aghaidh an leithdháilte. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3), céatadán de theorainn shonrach chainníochtúil a fhorchoimeád le haghaidh iarrataí a dtacaíonn feidhmíocht allmhairiúcháin san am a chuaigh thart leo.



4. Déanfar na fógraí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a chur in iúl go leictreonach laistigh den líonra comhtháite a bhunófar chuige sin, ach amháin más gá, ar mhórchúiseanna teicniúla, modhanna eile cumarsáide a úsáid go sealadach.
5. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra láithreach don Choimisiún tar éis aon chainníocht nár úsáideadh feadh tréimhse bailíochta an údaraithe allmhairiúcháin a bheith curtha in iúl dóibh. Cuirfear cainníochtaí gan úsáid den sórt sin leis na cainníochtaí atá fágtha i dteorainn chainníochtúil iomlán an Aontais go huathoibríoch.
6. Féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3), aon bheart is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme a ghlacadh.

#### *Airteagal 18*

1. Féadfaidh gach allmhaireoir san Aontas, beag beann ar an áit san Aontas ina bhfuil siad bunaithe, iarratas ar údarú a sheoladh chuig an údarás inniúil sa Bhallstát is rogha leis.
2. Chun críocha an dara habairt d'Airteagal 17(3), beidh fianaise dhoiciméadach ar allmhairí roimhe seo do gach catagóir agus gach tríú tír lena mbaineann ag gabháil le hiarratais na n-allmhaireoirí, más gá.

#### *Airteagal 19*

Eiseoidh údaráis inniúla na mBallstát údaruithe allmhairiúcháin laistigh de chúig lá oibre ón bhfógra a fháil maidir le cinneadh an Choimisiúin nó laistigh den teorainn ama a shocraigh an Coimisiún.

Cuirfidh na húdaráis sin an Coimisiún ar an eolas gur eisíodh na húdaruithe allmhairiúcháin, laistigh de dheich lá oibre ón uair a eisíodh na húdaruithe.

#### *Airteagal 20*

Más gá agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3), féadfar taisceadh urrúis a bheith ina choinníoll do na húdaruithe allmhairiúcháin.

#### *Airteagal 21*

1. Gan dochar do na bearta arna ndéanamh faoi Airteagal 16, le húdaruithe allmhairiúcháin déanfar allmhairiú táirgí atá faoi réir teorainneacha cainníochtúla a údarú agus beidh siad bailí ar fud na críche ina gcuirtear an Conradh i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Chonradh, beag beann ar an áit allmhairiúcháin atá luaite ag allmhaireoirí ar na hiarratais.

Nuair a thugann an tAontas teorainneacha sealadacha isteach le haghaidh ceann amháin nó níos mó dá chuid réigiún, i gcomhréir le hAirteagal 16, ní chuirfidh na teorainneacha sin bac ar tháirgí a seoladh roimh an dáta a tugadh isteach na teorainneacha sin a allmhairiú chuig an réigiún/na réigiúin lena mbaineann.

2. Sé mhí a bheidh i dtréimhse bailíochta na n-údaruithe allmhairiúcháin arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát. Féadfar an tréimhse bailíochta a athrú más gá, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3).
3. Déanfar iarratais ar údaruithe allmhairiúcháin a tharraingt suas ar fhoirmeacha a bheidh ag teacht le heiseamal; bunófar saintréithe an eiseamail sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3). Féadfaidh na húdaráis inniúla cead a thabhairt na doiciméid iarratais a sheoladh isteach ar mhodhanna leictreonacha faoi na coinníollacha a shocróidh siad. Beidh gach doiciméad agus an fhianaise go léir ar fáil do na húdaráis inniúla, áfach.
4. Féadfar údaruithe allmhairiúcháin a eisiúint ar mhodhanna leictreonacha má iarrann an t-allmhaireoir lena mbaineann é. Ar iarraidh chuí-réasúnaithe ón allmhaireoir, agus ar choinníoll gur comhlíonadh mír 3, féadfaidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát céanna a d'eisigh an t-údarú allmhairiúcháin bunaidh údarú allmhairiúcháin i bhfoirm páipéir a chur in ionad údaraithe allmhairiúcháin a eisíodh ar mhodhanna leictreonacha. Ní eiseoidh an t-údarás sin údarú allmhairiúcháin i bhfoirm scríofa, áfach, ach amháin tar éis a áirithiú gur cuireadh an t-údarú ar mhodhanna leictreonacha ar ceal.

Féadfar aon bheart is gá chun an mhír seo a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3).

5. Ar iarraidh ón mBallstát lena mbaineann, féadfar táirgí teicstíle atá i seilbh na n-údarás inniúil sa Bhallstát sin, go háirithe i gcás nósanna imeachta féimheachta nó nósanna imeachta comhchosúla, nach bhfuil údarú allmhairiúcháin bailí ar fáil dóibh a thuilleadh, féadfar na táirgí sin a chur chun saorchúrsaíochta i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3).

#### *Airteagal 22*

Gan dochar do na forálacha sonracha atá le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3), ní fhéadfaidh an duine ar eisíodh údarú allmhairiúcháin ina ainm an t-údarú sin a thabhairt ar iasacht ná a aistriú, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce.

#### *Airteagal 23*

Féadfar bailíocht údaruithe allmhairiúcháin atá gan úsáid, go hiomlán nó i bpáirt a shíneadh, má tá dóthain cainníochtaí ar fáil, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 30(3).

#### *Airteagal 24*

Laistigh de 30 lá tar éis dheireadh gach míosa, cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát cainníochtaí na dtáirgí atá faoi réir teorainneacha cainníochtúla an Aontais a allmhairíodh le linn na míosa roimhe sin in iúl don Choimisiún.

#### CAIBIDIL V

#### TRÁCHT PRÓISEÁLA AMACH

#### *Airteagal 25*

Maidir le hath-allmhairí táirgí teicstíle, a liostaítear sa tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn V, go dtí an tAontas, arna ndéanamh i gcomhréir leis na rialacha maidir le próiseáil amach eacnamaíoch atá i bhfeidhm san Aontas, ní bheidh siad faoi réir na dtéorainneacha cainníochtúla dá dtagraítear in Airteagal 2, in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 i gcás ina bhfuil siad faoi réir na dtéorainneacha cainníochtúla sonracha a thugtar sa tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus i gcás inar ath-allmhairíodh iad tar éis a bpróiseála sa tríú tír chomhfhreagrach liostaithe le haghaidh gach ceann de na dtéorainneacha cainníochtúla a shonraítear.

#### *Airteagal 26*

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 chun ath-allmhairí nach dtagann faoin gCaibidil seo agus faoi Iarscríbhinn V a chur faoi réir dtéorainneacha cainníochtúla, ar choinníoll go bhfuil na táirgí i gceist faoi réir na dtéorainneacha cainníochtúla a leagtar síos in Airteagal 2, in Airteagal 3 agus in Airteagal 4.

I gcás ina mbeadh moill ar fhorchur na dtéorainneacha cainníochtúla sonracha ar ath-allmhairiú trádála próiseála amach ina cúis le damáiste ar thionscal an Aontais a bheadh deacair a leigheas agus, dá bhrí sin, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 32 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun na chéad fomhíre den Airteagal seo.

#### *Airteagal 27*

1. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 chun aistrithe a dhéanamh idir catagóirí táirgí a leagtar amach i roinn A d'Iarscríbhinn I agus tabhairt ar aghaidh nó tabhairt anonn sciatha de dtéorainneacha cainníochtúla sonracha dá dtagraítear in Airteagal 26 ó bhliain go bliain.

I gcás ina mbeadh moill ar fhorchur na mbeart dá dtagraítear sa chéad fhomhír ina cúis le damáiste ar thionscal an Aontais trí bhac a chur ar thrádáil próiseála amach i bhfianaise an cheanglais dhlíthiúil chun aistrithe den sórt sin a fheidhmiú ó bhliain go chéile, agus ina mbeadh sé deacair damáiste den sórt sin a leigheas, agus, dá bhrí sin, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 32 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun na chéad fomhíre den mhír seo.

2. Féadfar aistrithe uathoibríocha i gcomhréir le mír 1 a dhéanamh, áfach, laistigh de na teorainneacha seo a leanas:
  - (a) aistriú idir catagóirí táirgí a leagtar amach i roinn A d'Iarscríbhinn I suas le 20 % den teorainn chainníochtúil a bhunaítear don chatagóir a ndéantar an t-aistriú chuici,
  - (b) tabhairt anonn teorann cainníochtúla sonraí ó bhliain go bliain suas le 10,5 % den teorainn chainníochtúil a bhunaítear do bhliain iarbhír na húsáide,
  - (c) tabhairt ar aghaidh teorann cainníochtúla sonraí suas le 7,5 % den teorainn chainníochtúil a bhunaítear do bhliain iarbhír na húsáide.
3. Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 chun na teorainneacha cainníochtúla sonracha a choigeartú i gcás ina bhfuil gá le hallmhairí breise.

I gcás ina bhfuil gá le hallmhairí breise agus i gcás ina mbeadh moill ar choigeartú na dteorainneacha cainníochtúla sonracha ina cúis le damáiste ar thionscal an Aontais trí bhac a chur ar rochtain ar allmhairí breise is gá den sórt sin a bheadh deacair a leigheas, agus, dá bhrí sin, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 32 maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun na chéad fomhíre den mhír seo.

4. Cuirfidh an Coimisiún an tríú tír nó na tríú tíortha lena mbaineann ar an eolas faoi aon bhearta a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

#### *Airteagal 28*

1. Chun Airteagal 25 a chur i bhfeidhm, tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát, sula n-eiseoidh siad aon réamhúdaruithe i gcomhréir le rialacha ábhartha an Aontais maidir le próiseáil amach eacnamaíoch, fógra don Choimisiún faoi mhéideanna na n-iarrataí ar údaruithe a bheidh faighte acu. Tabharfaidh an Coimisiún fógra faoina dheimhniú go bhfuil na méideanna a iarradh ar fáil chun a n-athallmhairithe laistigh de theorainneacha an Aontais faoi seach i gcomhréir le rialacha ábhartha an Aontais maidir le próiseáil amach eacnamaíoch.
2. Beidh na hiarrataí a chuirtear isteach sna fógraí don Choimisiún bailí más rud é go suíonn siad an méid seo a leanas go soiléir i ngach cás:
  - (a) an tríú tír ina mbeidh na táirgí le próiseáil;
  - (b) catagóir na dtáirgí teicstíle i gceist;
  - (c) an méid a bheidh le hath-allmhairiú;
  - (d) an Ballstát ina mbeidh na táirgí ath-allmhairithe le cur i saorchúrsaíocht;
  - (e) léiriú i dtaobh an mbaineann na hiarrataí le:
    - (i) tairbhí roimhe seo a chuireann isteach ar na cainníochtaí a chuirtear ar leataobh faoi Airteagal 3(4), nó i gcomhréir leis an gcúigiú fomhír d'Airteagal 3(5), de Rialachán (CE) Uimh. 3036/94 óng Comhairle <sup>(1)</sup>; nó le
    - (ii) hiarratasóir faoin tríú fomhír d'Airteagal 3(4) nó faoi Airteagal 3(5) de Rialachán (CE) Uimh. 3036/94.
3. Déanfar na fógraí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a chur in iúl go leictreonach laistigh den líonra comhtháite a bhunófar chuige sin, ach amháin más gá, ar mhórchúiseanna teicniúla, modhanna eile cumarsáide a úsáid go sealadach.

<sup>(1)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 3036/94 ón gComhairle an 8 Nollaig 1994 lena mbunaítear socrúithe maidir le próiseáil amach eacnamaíoch is infheidhme maidir le teicstíle agus táirgí éadaí áirithe a ath-allmhairítear isteach sa Chomhphobal tar éis a n-oibríthe nó a bpróiseála i dtírú tíortha áirithe (IO L 322, 15.12.1994., lch. 1.)

4. Má tá na méideanna a iarradh ar fáil, déanfaidh an Coimisiún a dheimhniú d'údarais inniúla na mBallstát an méid iomlán a léirítear sna hiarrataí a chuirtear in iúl do gach catagóir táirgí agus gach tríú tír lena mbaineann. Maidir le fógraí a thíolacann na Ballstáit agus nach féidir deimhniú a thabhairt ina leith ós rud é nach bhfuil na méideanna a iarradh ar fáil a thuilleadh laistigh de theorainneacha cainníochtúla an Aontais, déanfaidh an Coimisiún iad a stóráil san ord croineolaíoch ina bhfuarthas iad agus déanfar iad a dheimhniú san ord céanna a luaithe agus a bheidh méideanna breise ar fáil trí chur i bhfeidhm na n-aistrithe uathoibríocha dá bhforáiltear in Airteagal 27.

5. Tabharfaidh na húdarais inniúla fógra don Choimisiún gan mhoill tar éis aon chainníocht nach n-úsáidtear le linn thréimhse bailíochta an údaraithe allmhairiúcháin a bheith curtha in iúl dóibh. Déanfar cainníochtaí den sórt sin nár úsáideadh a athchur do shochar na gcainníochtaí laistigh de theorainneacha cainníochtúla an Aontais nár cuireadh ar leataobh de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 3(4) nó an cúigiú fomhír d'Airteagal 3(5) de Rialachán (CE) Uimh. 3036/94.

Maidir leis na cainníochtaí a ndearnadh tréigean ina leith de bhun an tríú fomhír d'Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 3036/94, cuirfeadh iad go huathoibríoch leis na cainníochtaí laistigh de chuóta an Aontais nach gcuirtear ar leataobh de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 3(4) nó an cúigiú fomhír d'Airteagal 3(5) den Rialachán sin.

Tabharfar fógra don Choimisiún i gcomhréir le mír 3 faoi chainníochtaí uile den sórt sin mar a leagtar amach sna fhomhíreanna roimhe seo.

#### Airteagal 29

Soláthróidh údarais inniúla na mBallstát don Choimisiún ainmneacha agus seoltaí na n — údarás atá inniúil chun na réamhúdaruithe dá dtagraítear in Airteagal 28 a eisiúint in éineacht le heiseamail de na clónna stampa a úsáideann siad.

#### CAIBIDIL VI

### NÓSANNA IMEACHTA CINNTEOIREACHTA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

#### Airteagal 30

1. Déanfaidh an Coiste Teicstíle cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

#### Airteagal 31

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(3), Airteagal 5(2), Airteagal 12(3), Airteagal 13, Airteagal 26, Airteagal 27(1) agus (3) agus Airteagal 35 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana amhail ón 20 Feabhra 2014. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(3), Airteagal 5(2), Airteagal 12(3), Airteagal 13, Airteagal 26, Airteagal 27(1) agus (3) agus Airteagal 35 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmiligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocthaidh gníomh tarmiligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(2), Airteagal 13 agus Airteagal 35 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

6. Ní thiocthaidh gníomh tarmiligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(3), Airteagal 12(3), Airteagal 26 agus Airteagal 27(1) agus (3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú ceithre mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

#### *Airteagal 32*

1. Tíocfaidh gníomhartha tarmiligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach léirítear aon agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi gníomhartha tarmiligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmiligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 31(5) nó (6). Sa chás sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmiligthe a aisghairm gan mhoill tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh chun agóid a dhéanamh.

#### *Airteagal 33*

1. Ní choiscfidh an Rialachán seo comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as rialacha speisialta atá i gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha.

2. Gan dochar d'fhorálacha eile de chuid an Aontais, ní choiscfidh an Rialachán seo glacadh ná cur i bhfeidhm an mhéid seo a leanas ag na Ballstáit:

(a) toirmisc, srianta cainníochtúla ná bearta faireachais ar bhonn na moráltachta poiblí, an bheartais phoiblí nó na slándála poiblí, sláinte agus beatha daoine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint, seoda náisiúnta lena mbaineann luach ealaíne, staire nó seandálaíoch a chosaint, nó maoin tionscail agus tráchtála a chosaint;

(b) foirmiúlachtaí speisialta a bhaineann le malairt eachtrach;

(c) foirmiúlachtaí a tugadh isteach de bhun comhaontuithe idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gConradh.

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis na bearta nó na foirmiúlachtaí atá le tabhairt isteach nó le leasú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír.

I gcás fíorphráinne, cuirfear na bearta nó na foirmiúlachtaí náisiúnta atá i gceist in iúl don Choimisiún gan mhoill tar éis a nglactha.

#### *Airteagal 34*

Déanfaidh an Coimisiún faisnéis a áireamh maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ina thuarascáil bhliantúil maidir le bearta cosanta trádála a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme arna gcur faoi bhráid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle de bhun Airteagal 22a de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

<sup>(1)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach comhaltaí den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

*Airteagal 35*

Cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 31 chun na hlarscríbhinní ábhartha a leasú nuair is gá chun conclúid, leasú nó dul in éag comhaontuithe, prótacal nó comhshocraíochtaí eile a dhéanfar le tríú tíortha nó leasuithe ar rialacha an Aontais maidir le staidreamh, comhshocraíochtaí custaim nó rialacha comhchoiteanna maidir le hallmhairiú a chur san áireamh.

*Airteagal 36*

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 517/94.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn VIII.

*Airteagal 37*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 9 Meitheamh 2015.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*  
M. SCHULZ

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
Z. KALNIŅA-LUKAŠEVICA

—

## IARSCRÍBHINN I

## A. TÁIRGÍ TEICSTÍLE DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1

1. Gan dochar do na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, is ceart a mheas nach bhfuil ach luach tásach san fhoclaiócht atá in úsáid sa tuairisc ar na táirgí, toisc go ndéantar na táirgí a thagann faoi gach catagóir a chinneadh, laistigh den Iarscríbhinn seo, le cóid AC. I gcás ina bhfuil siombal “ex” roimh chód AC, is é raon feidhme an chóid AC agus an tuairisc chomhfhreagrach a chinnfidh na táirgí atá cumhdaithe i ngach catagóir.
2. Baill éadaigh nach féidir a shainaithint an baill éadaigh d’fhir nó buachaillí iad nó an baill éadaigh do mhná nó cailíní iad, déanfar iad a aicmiú leis an dara grúpa a luadh.
3. I gcás ina ndéantar tagairt do “bhaill éadaigh leanaí”, úsáidtear é seo chun baill éadaigh a chumhdach suas go dtí an toise tráchtála 86, an méid sin san áireamh.

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosa
GRÚPA I A			
1	Snáth cadáis, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol		
	5204 11 00 5204 19 00 5205 11 00 5205 12 00 5205 13 00 5205 14 00 5205 15 10 5205 15 90 5205 21 00 5205 22 00 5205 23 00 5205 24 00 5205 26 00 5205 27 00 5205 28 00 5205 31 00 5205 32 00 5205 33 00 5205 34 00 5205 35 00 5205 41 00 5205 42 00 5205 43 00 5205 44 00 5205 46 00 5205 47 00 5205 48 00 5206 11 00 5206 12 00 5206 13 00 5206 14 00 5206 15 00 5206 21 00 5206 22 00 5206 23 00 5206 24 00 5206 25 00 5206 31 00 5206 32 00 5206 33 00 5206 34 00 5206 35 00 5206 41 00 5206 42 00 5206 43 00 5206 44 00 5206 45 00 ex 5604 90 90		
2	Fabraicí fite cadáis, seachas uige, fabraicí gibínigh, fabraicí fite caola, fabraicí caitíneacha, fabraicí chenille, fialsíoda agus fabraicí eangachúla eile		
	5208 11 10 5208 11 90 5208 12 16 5208 12 19 5208 12 96 5208 12 99 5208 13 00 5208 19 00 5208 21 10 5208 21 90 5208 22 16 5208 22 19 5208 22 96 5208 22 99 5208 23 00 5208 29 00 5208 31 00 5208 32 16 5208 32 19 5208 32 96 5208 32 99 5208 33 00 5208 39 00 5208 41 00 5208 42 00 5208 43 00 5208 49 00 5208 51 00 5208 52 00 5208 59 10 5208 59 90 5209 11 00 5209 12 00 5209 19 00 5209 21 00 5209 22 00 5209 29 00 5209 31 00 5209 32 00 5209 39 00 5209 41 00 5209 42 00 5209 43 00 5209 49 00 5209 51 00 5209 52 00 5209 59 00 5210 11 00 5210 19 00 5210 21 00 5210 29 00 5210 31 00 5210 32 00 5210 39 00 5210 41 00 5210 49 00 5210 51 00 5210 59 00 5211 11 00 5211 12 00 5211 19 00 5211 20 00 5211 31 00 5211 32 00 5211 39 00 5211 41 00 5211 42 00 5211 43 00 5211 49 10 5211 49 90 5211 51 00 5211 52 00 5211 59 00 5212 11 10 5212 11 90 5212 12 10 5212 12 90 5212 13 10 5212 13 90 5212 14 10 5212 14 90 5212 15 10 5212 15 90 5212 21 10 5212 21 90 5212 22 10 5212 22 90 5212 23 10 5212 23 90 5212 24 10 5212 24 90 5212 25 10 5212 25 90 ex 5811 00 00 ex 6308 00 00		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosá
2 a)	Ina measc: Seachas neamhthuartha nó tuartha		
	5208 31 00 5208 32 16 5208 32 19 5208 32 96 5208 32 99 5208 33 00 5208 39 00 5208 41 00 5208 42 00 5208 43 00 5208 49 00 5208 51 00 5208 52 00 5208 59 10 5208 59 90 5209 31 00 5209 32 00 5209 39 00 5209 41 00 5209 42 00 5209 43 00 5209 49 00 5209 51 00 5209 52 00 5209 59 00 5210 31 00 5210 32 00 5210 39 00 5210 41 00 5210 49 00 5210 51 00 5210 59 00 5211 31 00 5211 32 00 5211 39 00 5211 41 00 5211 42 00 5211 43 00 5211 49 10 5211 49 90 5211 51 00 5211 52 00 5211 59 00 5212 13 10 5212 13 90 5212 14 10 5212 14 90 5212 15 10 5212 15 90 5212 23 10 5212 23 90 5212 24 10 5212 24 90 5212 25 10 5212 25 90 ex 5811 00 00 ex 6308 00 00		
3	Fabraicí fite as snáithíní sintéiseacha (neamhleanúnach nó dramhsnáithíní) seachas fabraicí fite caola, fabraicí caitíneacha (lena n-áirítear fabraicí gibínigh) agus fabraicí chenille		
	5512 11 00 5512 19 10 5512 19 90 5512 21 00 5512 29 10 5512 29 90 5512 91 00 5512 99 10 5512 99 90 5513 11 20 5513 11 90 5513 12 00 5513 13 00 5513 19 00 5513 21 00 5513 23 10 5513 23 90 5513 29 00 5513 31 00 5513 39 00 5513 41 00 5513 49 00 5514 11 00 5514 12 00 5514 19 10 5514 19 90 5514 21 00 5514 22 00 5514 23 00 5514 29 00 5514 30 10 5514 30 30 5514 30 50 5514 30 90 5514 41 00 5514 42 00 5514 43 00 5514 49 00 5515 11 10 5515 11 30 5515 11 90 5515 12 10 5515 12 30 5515 12 90 5515 13 11 5515 13 19 5515 13 91 5515 13 99 5515 19 10 5515 19 30 5515 19 90 5515 21 10 5515 21 30 5515 21 90 5515 22 11 5515 22 19 5515 22 91 5515 22 99 5515 29 00 5515 91 10 5515 91 30 5515 91 90 5515 99 20 5515 99 40 5515 99 80 ex 5803 00 90 ex 5905 00 70 ex 6308 00 00		
3 a)	Ina measc: Seachas neamhthuartha nó tuartha		
	5512 19 10 5512 19 90 5512 29 10 5512 29 90 5512 99 10 5512 99 90 5513 21 00 5513 23 10 5513 23 90 5513 29 00 5513 31 00 5513 39 00 5513 41 00 5513 49 00 5514 21 00 5514 22 00 5514 23 00 5514 29 00 5514 30 10 5514 30 30 5514 30 50 5514 30 90 5514 41 00 5514 42 00 5514 43 00 5514 49 00 5515 11 30 5515 11 90 5515 12 30 5515 12 90 5515 13 19 5515 13 99 5515 19 30 5515 19 90 5515 21 30 5515 21 90 5515 22 19 5515 22 99 ex 5515 29 00 5515 91 30 5515 91 90 5515 99 40 5515 99 80 ex 5803 00 90 ex 5905 00 70 ex 6308 00 00		
GRÚPA I B			
4	Léinte, t-léinte, corna cniotála mín éadrom, geansaithe póló nó muineál turtair (seachas iad siúd as olann nó fionnadh ainmhíoch mín), léinte cnis agus a leithéid, cniotáilte nó cróiseáilte	6,48	154
	6105 10 00 6105 20 10 6105 20 90 6105 90 10 6109 10 00 6109 90 20 6110 20 10 6110 30 10	—	—



Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosa
5	Geansaithe, geansaithe gan mhuinchillí, bástcótaí, geansaithe-cairdeagain phéireáilte, cairdeagain, seaicéid agus geansaithe leapa (seachas seaicéid agus bléasair), anoraic, geansaithe gailf, seaicéid choimléine agus a leithéid, cniotáilte nó cróiseáilte	4,53	221
	ex 6101 90 80 6101 20 90 6101 30 90 6102 10 90 6102 20 90 6102 30 90 6110 11 10 6110 11 30 6110 11 90 6110 12 10 6110 12 90 6110 19 10 6110 19 90 6110 20 91 6110 20 99 6110 30 91 6110 30 99	—	—
6	Bristí fite d'fhir nó buachaillí, bristí gearra seachas feistis snámha agus treabhsair; treabhsair fite do mhná nó cailíní, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine; codanna íochtaracha de chultacha reatha a bhfuil líneáil orth, seachas catagóir 16 nó 29, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	1,76	568
	6203 41 10 6203 41 90 6203 42 31 6203 42 33 6203 42 35 6203 42 90 6203 43 19 6203 43 90 6203 49 19 6203 49 50 6204 61 10 6204 62 31 6204 62 33 6204 62 39 6204 63 18 6204 69 18 6211 32 42 6211 33 42 6211 42 42 6211 43 42	—	—
7	Blúsanna, léinte agus blúsléinte do mhná nó cailíní, bíodh siad cniotáilte nó cróiseáilte nó ná bíodh, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	5,55	180
	6106 10 00 6106 20 00 6106 90 10 6206 20 00 6206 30 00 6206 40 00	—	—
8	Léinte d'fhir nó buachaillí, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, as olann, cadás nó snáithíní de dhéantús an duine	4,60	217
	ex 6205 90 80 6205 20 00 6205 30 00	—	—
GRÚPA II A			
9	Tuáille gibíneach agus fabraicí fite gibíneacha eile as cadás; línéadach ionlainne agus línéadach cistine, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, as tuáille gibíneach agus fabraicí fite gibíneacha, as cadás		
	5802 11 00 5802 19 00 ex 6302 60 00		
20	Línéadach leapa, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte		
	6302 21 00 6302 22 90 6302 29 90 6302 31 00 6302 32 90 6302 39 90		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosa
22	Snáth snáithíní stáplacha nó dramhsnáithíní sintéiseacha, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol		
	5508 10 10 5509 11 00 5509 12 00 5509 21 00 5509 22 00 5509 31 00 5509 32 00 5509 41 00 5509 42 00 5509 51 00 5509 52 00 5509 53 00 5509 59 00 5509 61 00 5509 62 00 5509 69 00 5509 91 00 5509 92 00 5509 99 00		
22 a)	Ina measc, aicrileach		
	ex 5508 10 10 5509 31 00 5509 32 00 5509 61 00 5509 62 00 5509 69 00		
23	Snáth snáithíní stáplacha nó dramhsnáithíní saorga, nach bhfuil cóirithe lena miondíol		
	5508 20 10 5510 11 00 5510 12 00 5510 20 00 5510 30 00 5510 90 00		
32	Fabraicí caitíneacha fite agus fabraicí chenille (seachas tuáille gibíneach nó fabraicí gibíneacha as cadás agus fabraicí fite caola) agus dromchlaí teicstíle stothacha, as olann, as cadás nó as snáithíní teicstíle de dhéantús an duine		
	5801 10 00 5801 21 00 5801 22 00 5801 23 00 5801 26 00 5801 27 00 5801 31 00 5801 32 00 5801 33 00 5801 36 00 5801 37 00 5802 20 00 5802 30 00		
32 a)	Ina measc: Corda cadáis		
	5801 22 00		
39	Línéadach boird, línéadach ionlainne agus línéadach cistine, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, seachas iad siúd as tuáille gibíneach nó fabraicí gibíneacha cosúla as cadás		
	6302 51 00 6302 53 90 ex 6302 59 90 6302 91 00 6302 93 90 ex 6302 99 90		
GRÚPA II B			
12	Riteoga, stocaí, fostocaí, stocaí gearra, stocaí rúitín agus a leithéid, atá cniotáilte nó cróiseáilte, seachas iad siúd do leanaí, lena n-áirítear stocaí d'fhéitheacha borrrtha, seachas táirgí chatagóir 70	24,3 péire	41
	6115 10 10 ex 6115 10 90 6115 22 00 6115 29 00 6115 30 11 6115 30 90 6115 94 00 6115 95 00 6115 96 10 6115 96 99 6115 99 00	—	—

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosa
13	Fobhrístí agus mionbhrístíní d'fhir nó buachaillí, brístíní nó mionbhrístíní do mhná nó cailíní, atá cniotáilte nó croiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	17	59
	6107 11 00 6107 12 00 6107 19 00 6108 21 00 6108 22 00 6108 29 00 ex 6212 10 10 ex 9619 00 51	—	—
14	Cótaí móra, cótaí báistí agus cótaí eile, clócaí agus cábaí, atá fite, d'fhir nó buachaillí, as cadás nó snáithíní teicstíle de dhéantús an duine (seachas parcaí) (ó chatagóir 21)	0,72	1 389
	6201 11 00 ex 6201 12 10 ex 6201 12 90 ex 6201 13 10 ex 6201 13 90 6210 20 00	—	—
15	Cótaí móra, cótaí báistí agus cótaí eile, clócaí agus cábaí, atá fite, do mhná nó cailíní; seaicéid agus bléasair do mhná nó cailíní, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine (seachas parcaí) (ó chatagóir 21)	0,84	1 190
	6202 11 00 ex 6202 12 10 ex 6202 12 90 ex 6202 13 10 ex 6202 13 90 6204 31 00 6204 32 90 6204 33 90 6204 39 19 6210 30 00	—	—
16	Cultacha agus ensembles d'fhir nó buachaillí, seachas iad siúd atá cniotáilte nó croiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine, gan cultacha sciála a áireamh cultacha reatha a bhfuil líneáil orthu d'fhir nó buachaillí, a bhfuil blaosc sheachtrach orthu atá déanta as aon fhabraic amháin, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	0,80	1 250
	6203 11 00 6203 12 00 6203 19 10 6203 19 30 6203 22 80 6203 23 80 6203 29 18 6203 29 30 6211 32 31 6211 33 31	—	—
17	Seaicéid nó bléasair d'fhir nó buachaillí, seachas iad siúd atá cniotáilte nó croiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	1,43	700
	6203 31 00 6203 32 90 6203 33 90 6203 39 19	—	—
18	Singléid agus veisteanna eile, fobhrístí, mionbhrístíní, léinte oíche, pitseámaí, fallaingeacha foltha, fallaingeacha seomra, agus baill éadaigh den chineál céanna d'fhir nó buachaillí, seachas iad siúd atá cniotáilte nó croiseáilte		
	6207 11 00 6207 19 00 6207 21 00 6207 22 00 6207 29 00 6207 91 00 6207 99 10 6207 99 90		
	Singléid agus veisteanna eile, fo-bhrístí, fo-ghúnaí, brístíní, mionbhrístíní, gúnaí oíche, pitseámaí, négligees, fallaingeacha foltha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh den chineál céanna do mhná nó cailíní, seachas iad siúd atá cniotáilte ná croiseáilte		
	6208 11 00 6208 19 00 6208 21 00 6208 22 00 6208 29 00 6208 91 00 6208 92 00 6208 99 00 ex 6212 10 10 ex 9619 00 59		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosa
19	Ciar súir, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte	59	17
	6213 20 00 ex 6213 90 00	—	—
21	Parcaí; anoraic, geansaithe gailf agus a leithéid, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine; codanna uachtaracha de chultacha reatha a bhfuil líneáil orthu, seachas catagóir 16 nó 29, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	2,3	435
	ex 6201 12 10 ex 6201 12 90 ex 6201 13 10 ex 6201 13 90 6201 91 00 6201 92 00 6201 93 00 ex 6202 12 10 ex 6202 12 90 ex 6202 13 10 ex 6202 13 90 6202 91 00 6202 92 00 6202 93 00 6211 32 41 6211 33 41 6211 42 41 6211 43 41	—	—
24	Léinte oíche, pitseámaí, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh den chineál céanna d'fhir nó buachaillí, atá cniotáilte nó cróiseáilte	3,9	257
	6107 21 00 6107 22 00 6107 29 00 6107 91 00 ex 6107 99 00	—	—
	Gúnaí oíche, pitseámaí, négligees, fallaingeacha folctha, fallaingeacha seomra agus baill éadaigh den chineál céanna do mhná nó cailíní, atá cniotáilte nó cróiseáilte	—	—
	6108 31 00 6108 32 00 6108 39 00 6108 91 00 6108 92 00 ex 6108 99 00	—	—
26	Gúnaí do mhná nó cailíní, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	3,1	323
	6104 41 00 6104 42 00 6104 43 00 6104 44 00 6204 41 00 6204 42 00 6204 43 00 6204 44 00	—	—
27	Sciortaí, lena n-áirítear sciortaí roinnte, do mhná nó cailíní	2,6	385
	6104 51 00 6104 52 00 6104 53 00 6104 59 00 6204 51 00 6204 52 00 6204 53 00 6204 59 10	—	—
28	Treabhairsair, rabhlaeir beannóg is guailleán, brístí agus brístí gearra (seachas feisteas snámha), atá cniotáilte nó cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	1,61	620
	6103 41 00 6103 42 00 6103 43 00 ex 6103 49 00 6104 61 00 6104 62 00 6104 63 00 ex 6104 69 00	—	—

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosa
29	Cultacha agus ensembles do mhná nó cailíní, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine, gan cultacha sciála a áireamh cultacha reatha a bhfuil líneáil orthu do mhná nó cailíní, a bhfuil blaosc sheachtrach orthu atá déanta d'aon fhabraic amháin, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine	1,37	730
	6204 11 00 6204 12 00 6204 13 00 6204 19 10 6204 21 00 6204 22 80 6204 23 80 6204 29 18 6211 42 31 6211 43 31	—	—
31	Cíochbhearta, atá fite, cniotáilte nó cróiseáilte	18,2	55
	ex 6212 10 10 6212 10 90	—	—
68	Baill éadaigh agus oiriúintí éadaigh do leanaí, seachas lámhainní, mitíní agus miotóga do leanaí ó chatagóir 10 agus 87, agus stocáí, stocáí gearra agus stocáí rúitín do leanaí, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, ó chatagóir 88		
	6111 90 19 6111 20 90 6111 30 90 ex 6111 90 90 ex 6209 90 10 ex 6209 20 00 ex 6209 30 00 ex 6209 90 90 ex 9619 00 51 ex 9619 00 59		
73	Cultacha reatha as fabraic chniotáilte nó chróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní teicstíle de dhéantús an duine	1,67	600
	6112 11 00 6112 12 00 6112 19 00	—	—
76	Éadaí tionsclaíocha nó ceirde d'fhir nó buachaillí, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte		
	6203 22 10 6203 23 10 6203 29 11 6203 32 10 6203 33 10 6203 39 11 6203 42 11 6203 42 51 6203 43 11 6203 43 31 6203 49 11 6203 49 31 6211 32 10 6211 33 10		
	Napruín, forléinte-rabhlaeir agus éadaí tionsclaíocha nó ceirde eile do mhná nó cailíní, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte		
	6204 22 10 6204 23 10 6204 29 11 6204 32 10 6204 33 10 6204 39 11 6204 62 11 6204 62 51 6204 63 11 6204 63 31 6204 69 11 6204 69 31 6211 42 10 6211 43 10		
77	Cultacha sciála, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte		
	ex 6211 20 00		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosá
78	Baill éadaigh, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte, seachas baill éadaigh chatagóirí 6, 7, 8, 14, 15, 16, 17, 18, 21, 26, 27, 29, 68, 72, 76 agus 77		
	6203 41 30 6203 42 59 6203 43 39 6203 49 39 6204 61 85 6204 62 59 6204 62 90 6204 63 39 6204 63 90 6204 69 39 6204 69 50 6210 40 00 6210 50 00 6211 32 90 6211 33 90 ex 6211 39 00 6211 42 90 6211 43 90 ex 6211 49 00 ex 9619 00 59		
83	Cótaí móra, seaicéid, bléasair agus baill éadaigh eile, lena n-áirítear cultacha sciála, atá cniotáilte nó cróiseáilte, seachas baill éadaigh chatagóirí 4, 5, 7, 13, 24, 26, 27, 28, 68, 69, 72, 73, 74, 75		
	ex 6101 90 20 6101 20 10 6101 30 10 6102 10 10 6102 20 10 6102 30 10 6103 31 00 6103 32 00 6103 33 00 ex 6103 39 00 6104 31 00 6104 32 00 6104 33 00 ex 6104 39 00 6112 20 00 6113 00 90 6114 20 00 6114 30 00 ex 6114 90 00 ex 9619 00 51		
GRÚPA III A			
33	Fabraicí fite as snáth filiméid shintéisigh a fhaightear ó stiall nó a leithéid phoileitiléine nó pholapróipiléine, atá níos lú ná 3 m ar leithead		
	5407 20 11		
	Saic agus málaí, de chineál a úsáidtear chun earraí a phacáil, nach bhfuil cniotáilte ná cróiseáilte, a fhaightear ó stiall nó a leithéid		
	6305 32 19 6305 33 90		
34	Fabraicí fite as snáth filiméid shintéisigh a fhaightear ó stiall nó a leithéid phoileitiléine nó pholapróipiléine, atá 3 m ar leithead nó níos mó		
	5407 20 19		
35	Fabraicí fite as filiméid shintéiseacha, seachas iad siúd a úsáidtear le haghaidh bonn ó chatagóir 114		
	5407 10 00 5407 20 90 5407 30 00 5407 41 00 5407 42 00 5407 43 00 5407 44 00 5407 51 00 5407 52 00 5407 53 00 5407 54 00 5407 61 10 5407 61 30 5407 61 50 5407 61 90 5407 69 10 5407 69 90 5407 71 00 5407 72 00 5407 73 00 5407 74 00 5407 81 00 5407 82 00 5407 83 00 5407 84 00 5407 91 00 5407 92 00 5407 93 00 5407 94 00 ex 5811 00 00 ex 5905 00 70		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosá
35 a)	Ina measc: Seachas neamhthuartha nó tuartha		
	ex 5407 10 00 ex 5407 20 90 ex 5407 30 00 5407 42 00 5407 43 00 5407 44 00 5407 52 00 5407 53 00 5407 54 00 5407 61 30 5407 61 50 5407 61 90 5407 69 90 5407 72 00 5407 73 00 5407 74 00 5407 82 00 5407 83 00 5407 84 00 5407 92 00 5407 93 00 5407 94 00 ex 5811 00 00 ex 5905 00 70		
36	Fabraicí fite as filiméid shaorga, seachas iad siúd a úsáidtear le haghaidh bonn ó chatagóir 114		
	5408 10 00 5408 21 00 5408 22 10 5408 22 90 5408 23 00 5408 24 00 5408 31 00 5408 32 00 5408 33 00 5408 34 00 ex 5811 00 00 ex 5905 00 70		
36 a)	Ina measc: Seachas neamhthuartha nó tuartha		
	ex 5408 10 00 5408 22 10 5408 22 90 5408 23 00 5408 24 00 5408 32 00 5408 33 00 5408 34 00 ex 5811 00 00 ex 5905 00 70		
37	Fabraicí fite as snáithíní saorga stáplacha		
	5516 11 00 5516 12 00 5516 13 00 5516 14 00 5516 21 00 5516 22 00 5516 23 10 5516 23 90 5516 24 00 5516 31 00 5516 32 00 5516 33 00 5516 34 00 5516 41 00 5516 42 00 5516 43 00 5516 44 00 5516 91 00 5516 92 00 5516 93 00 5516 94 00 ex 5803 00 90 ex 5905 00 70		
37 a)	Ina measc: Seachas neamhthuartha nó tuartha		
	5516 12 00 5516 13 00 5516 14 00 5516 22 00 5516 23 10 5516 23 90 5516 24 00 5516 32 00 5516 33 00 5516 34 00 5516 42 00 5516 43 00 5516 44 00 5516 92 00 5516 93 00 5516 94 00 ex 5803 00 90 ex 5905 00 70		
38 A	Fabraic shintéiseach do chuiríní atá cniotáilte nó cróiseáilte, lena n-áirítear fabraic do chuiríní eangachúla		
	6005 31 10 6005 32 10 6005 33 10 6005 34 10 6006 31 10 6006 32 10 6006 33 10 6006 34 10		
38 B	Cuiríní eangachúla, seachas iad siúd atá cniotáilte nó cróiseáilte		
	ex 6303 91 00 ex 6303 92 90 ex 6303 99 90		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosá
40	Cuiríní fite (lena n-áirítear fallaingí, dallóga inti, sciortaí cuiríní agus leapa agus earraí fearastaithe eile), seachas iad siúd atá cniotáilte ná cróiseáilte, as olann, as cadás nó as snáithíní de dhéantús an duine		
	ex 6303 91 00 ex 6303 92 90 ex 6303 99 90 6304 19 10 ex 6304 19 90 6304 92 00 ex 6304 93 00 ex 6304 99 00		
41	Snáth as filiméid shintéiseacha (leanúnach), nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol, seachas snáth aonair neamhuigeach gan chasnóg nó a bhfuil casnóg nach mó ná 50 casadh/m air		
	5401 10 12 5401 10 14 5401 10 16 5401 10 18 5402 11 00 5402 19 00 5402 20 00 5402 31 00 5402 32 00 5402 33 00 5402 34 00 5402 39 00 5402 44 00 5402 48 00 5402 49 00 5402 51 00 5402 52 00 5402 59 10 5402 59 90 5402 61 00 5402 62 00 5402 69 10 5402 69 90 ex 5604 90 10 ex 5604 90 90		
42	Snáth as snáithíní leanúnacha de dhéantús an duine, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol		
	5401 20 10		
	Snáth as snáithíní saorga; snáth as filiméid shaorga, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol, seachas snáth aonair réoin vioscóis gan chasnóg nó a bhfuil casnóg nach mó ná 250 casadh/m air agus snáth neamhuigeach as aicéatáit cheallalóis		
	5403 10 00 5403 32 00 ex 5403 33 00 5403 39 00 5403 41 00 5403 42 00 5403 49 00 ex 5604 90 10		
43	Snáth as filiméid de dhéantús an duine, snáth as snáithíní stáplacha saorga, snáth cadáis, atá cóirithe lena mhiondíol		
	5204 20 00 5207 10 00 5207 90 00 5401 10 90 5401 20 90 5406 00 00 5508 20 90 5511 30 00		
46	Olann chardáilte nó chíortha ó chaoirigh nó ó uain nó fionnadh mín ainmhíoch eile		
	5105 10 00 5105 21 00 5105 29 00 5105 31 00 5105 39 00		
47	Snáth as olann chardáilte ó chaoirigh nó ó uain (snáth olla) nó as fionnadh mín ainmhíoch cardáilte, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol		
	5106 10 10 5106 10 90 5106 20 10 5106 20 91 5106 20 99 5108 10 10 5108 10 90		



Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosá
48	Snáth as olann chíortha ó chaoirigh nó ó uain (snáth mustairte) nó as fionnadh mín ainmhíoch cíortha, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol		
	5107 10 10 5107 10 90 5107 20 10 5107 20 30 5107 20 51 5107 20 59 5107 20 91 5107 20 99 5108 20 10 5108 20 90		
49	Snáth as olann ó chaoirigh nó ó uain nó as fionnadh mín ainmhíoch cíortha, atá cóirithe lena mhiondíol		
	5109 10 10 5109 10 90 5109 90 00		
50	Fabraicí fite as olann ó chaoirigh nó ó uain nó as fionnadh mín ainmhíoch		
	5111 11 00 5111 19 00 5111 20 00 5111 30 10 5111 30 80 5111 90 10 5111 90 91 5111 90 98 5112 11 00 5112 19 00 5112 20 00 5112 30 10 5112 30 80 5112 90 10 5112 90 91 5112 90 98		
51	Cadás, atá cardáilte nó cíortha		
	5203 00 00		
53	Uige chadáis		
	5803 00 10		
54	Snáithíní saorga stáplacha, lena n-áirítear dramhshnáithíní, nó atá cardáilte, cíortha nó próiseáilte lena sníomh ar bhealach eile		
	5507 00 00		
55	Snáithíní sintéiseacha stáplacha, lena n-áirítear dramhshnáithíní, nó atá cardáilte, cíortha nó próiseáilte lena sníomh ar bhealach eile		
	5506 10 00 5506 20 00 5506 30 00 5506 90 00		
56	Snáth as snáithíní sintéiseacha stáplacha (lena n-áirítear dramhshnáithíní), atá cóirithe lena mhiondíol		
	5508 10 90 5511 10 00 5511 20 00		
58	Cairpéid agus rugaí, snaidhmthe (bídís cóirithe nó ná bíodh)		
	5701 10 10 5701 10 90 5701 90 10 5701 90 90		

Catagóir	Tuairisc Cód AC 2013	Tábla comhghaoil	
		píosáí/kg	g/píosá
59	Cairpéid agus clúdaigh urláir teicstíle eile, seachas cairpéid chatagóir 58		
